

Eagarfhocal


Séamas Ó Neachtain

D'fhéach mé ar chlár teilifíse a rinne an tEaspag Fulton Sheen in 1956 le déanaí ar www.youtube.com. Bhí an t-ábhar 'conas d'intinn a fheabhsú' idir lámha aige. I measc a lán rudaí eile, mhaígh sé gurb iad na trí mhian is mó a bhíonn ag an duine daonna ná bia, gnéas agus eolas. Is bunúsach don duine daonna a bheith fiosrach, a bheith ag foghlaim is ag iniúchadh. Uaireanta is maith linn an fhionnachtain a fhaighimid, agus tá tairbhe inti. Uaireanta tá a mhalairt sin fíor. Ach pé toradh air, bíonn an lorg is an fhoghlaim féin taitneamhach agus sásúil. Agus bíonn níos mó ann le foghlaim i gcónaí. Mar a deirtear, gach uair a bhíonn níos mó ar eolas agat, is amhlaidh go dtuigeann tú níos fearr cé chomh mór is atá an méid nach bhfuil ar eolas agat.

Minic go leor, ní thuigimid fionnachtain ar dtús, agus faightear tuiscintí nua i ndiaidh a chéile. Ábhar machnaimh a bhíonn ann in aon fhionnachtain i gcónaí. I mbliana, d'fhoilsigh Tí Trá Lí leabhar dar teidil *The End of Aidhne*, le Réamonn Ó Cléirigh. Toradh ar fhionnachtana na mblianta an leabhar féin sin. Ach ó shin, níor stad Réamann ag smaoineamh is ag lorg níos mó as an taighde a thosaigh sé ansin. San eagrán seo roinneann sé fionnachtain nua dá chuid, a bhaineann le stair an-suimiúil agus córas taighde na gcairteacha.

Sna scéalta ficsin an uair seo, déantar fionnachtana ar leith. Ní bhítear mar a shíltear minic go leor, i mBrooklyn nó in iarthar fiáin na Stát. Agus scéal na fionnachtana Christóir Colóim a fuair as Rúisis, a thagann chugainn as an bPolainn, tá sé ina fhionnachtain féin. Scigaithris is ea é ó na tríochaidí. Bhí Columbus ar chlúdach na hirise seo uair amháin, ach is é seo an chéad uair go bhfuil sé ag caint linn. Nó an bhfuil? Ní mór duit d'fhionnachtana féin a dhéanamh...

Bíonn radharc difriúil ag an bhfile ar an saol i gcónaí, agus tá samplaí deasa de sin againn arís



san eagrán seo, le Doireann Ní Ghríofa (a fuair duais san Oireachtas i bliana) agus le hEoin Dunford. Minic go leor ní mór dara léamh a thabhairt don fhilíocht, nó níos mó, chun an mianach atá inti a oibriú i gceart. Ná téigh ar strae sna tolláin!

Is iomaí rud atá ag fanacht i dtarraiceáin, i mbosca, nó i vardrús ag fanacht linn. Tá pictiúir ar an leathanach seo atá ina chuid bheag den mhórphictiúir ar leathanaigh 16 agus 17. Tógadh in 1965 é. Ní hé Cumann Carad na Gaeilge an t-aon eagraíocht i Meiriceá a thugann tacaíocht dár dteanga seo, agus blianta ó shin bhí clubanna eile ann a bhí cosúil linn. Béim ar chultúr na hÉireann i gcoitinne a bhíonn ann, agus mar sin, ní minic a bhíodh a lán Gaeilge acu. Ach bhí roinnt di ann, pé scéal, mar a fheictear ar an meirge ar an mballa. Tá beirt bhall dár gcumann féin sa phictiúir mhór sin, agus is óna n-iníon (ball eile) Cáitlín Ní Mhurchú a fuairamar é.

Gach uair a shiúlann Cumann Carad na Gaeilge i mórshiúil Naomh Pádraig i Nua-Eabhrac, siúlaimid i dteannta leis na United Gaelic Societies, agus is iad an Bronx Gaelic League atá ann fós, cé nach bhfuil mórán daoine (ná Gaeilge) ann fós. Bhíodh baint againn le gach eagraíocht eile a raibh suim sa Ghaeilge iontu, agus táimid ag iarraidh an caidreamh sin a choimeád beo fós, aon uair a bhíonn deis againn.

Bíonn baint láidir ag eagraíochtaí Gaelacha i Meiriceá leis an bpoblachtánachas agus le polaitíocht na hÉireann. Duine atá an-tréan ‘ar son na cúise’ is ea Mary Holt Moore, a bhí ina hard-mharascal ar mhórshiúil Naomh Pádraig i Nua-Eabhrac in 1991. Siúlaimid ina teannta, mar tá sí i mbun Chomhairle na gCumann Gaelach agus Conradh na Gaeilge sa Bhroncs. Labhair sí liom ar ár bpodchraoladh cúpla bliain ó shin, as Gaeilge. Ar an teilifís anuraidh, dúirt an tuairisceoir gurbh ise uachtarán ar Chumann Carad na Gaeilge, ach bhí sé mícheart. Ach luadh ar an teilifís sinn, ar aon nós! (Luafar *An Gael* ar an teilifís Lá Nollag in Éirinn ar chlár Thadhg Mhic Dhonnagáin, freisin, le cúnamh Dé). Is fiúntach súil a chaitheamh ar ár gcomhoibrithe i ngort na Gaeilge, gan amhras - agus bíonn sé go deas aon uair a thugann siad sinne faoi deara!

Tá súil agam go raibh an t-irisleabhar seo ina fhionnachtain do lucht léite *Comhar*, mar gheall ar an alt a d’fhoilsigh siad fúinn. Tá gach eagrán fós ar fáil ar an idirlíon d’aon duine nach bhfuair iad nuair a bhí siad nua. Tá ábhar



Mary Holt Moore agus Gearóid Ó Ceallaigh

iontach i ngach ceann acu, idir scríbhneoireacht agus shean-phictiúir agus doiciméid. Bímis ag iniúchadh stór an Chumainn seo, agus á mhéadú. Le blianta fada, bhíodh irisleabhar dar teidil *The Wolf Tone Annual* á fhoilsiú ag duine darb ainm Brian O’Higgins, i mBaile Átha Cliath. Thug cara dom gach imleabhar de tamall ó shin. Lán de thírghrá agus spreagadh chun saoirse a bhaint amach d’Éirinn a bhíodh ann. Agus gach eagrán, bhí cúpla sliocht as Gaeilge ann, mar d’aithin sé gur chuid lárnach don Ghaelachas í an teanga. “Éire saor agus Gaelach” an mana a bhíodh le cloisteáil. Sin cuspóirí a nocht *An Gael* faoina theidil i gcónaí sa seanaimsir. Tá sé oiriúnach roinnt de shaothar O’Higgins a athfhoilsiú in *An Gael*, mar sin, chun an spiorad sin a choimeád beo. Ní bhíonn baint againn leis an bpolaitíocht níos mó, ach is dea-chuspóirí iad saoirse agus Gaelachas d’aon duine. Is tréithe bunúsacha iad don Gael. Tuigtear iad as an nua i gcónaí, freisin.

Tá fionnachtana eile ar fáil duit, a léitheoir ghil, i saol an cheoil, sa stair, agus níos mó. Deir daoine áirithe nach bhfuil gá ar bith le hábhar nua as Gaeilge, nó le file nua, nó le hirís nó cumann nua. Ach cén dochar? An bhfuil imní ar a leithéid go mbeadh smaointe nua ann? Tá stór mór ceoil iontaigh ar fáil cheana - an dóigh le héinne nach bhfuil aon chúis ann ceol nua a chumadh? Cloiseann agus déanann gach duine a cheol féin, agus is breá go mbímid ábalta é a roinnt lena chéile. Roghnaigh tú *An Gael* a léamh chun radharc eile a fháil ar an saol. Mo cheol thú!

